

## **Comóradh 1916**

Tá an Rialtas seo diombháilte ar mheas a léiriú go comhionann do gach traidisiún ar an oileán seo. Aithníonn an Rialtas freisin go bhfuil tuiscint níos mó a fhorbairt ar an stair atá i gcoiteann againn, ina héagsúlacht go léir, tábhachtach chun tuiscint níos mó a fhorbairt agus todhchaí i gcoiteann a chruthú.

Tá an Rialtas ag comóradh cothrom an ama 90 bliain ó shin ó bhí Éirí Amach 1916 i mBaile Átha Cliath faoi Cháisc agus cothrom bliana Chath an Somme le searmanas ag cuimhneachán an chogaidh i nDroichead na hInse an 1ú Iúil.

### ***Comóradh Éirí Amach na Cásca 1916***

- Forfhógra na Saoirse
- Ceannairí Éirí Amach 1916 a cuireadh chun báis
- Éirí Amach 1916
- Na Fórsaí Cosanta
- Searmanas Dhomhnach Cásca ag Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath agus an Paráid

### ***Comóradh Chath an Somme 1916***

- Saighdiúirí as Éirinn le linn an Chéad Chogadh Domhanda

## Forfhógra na Saoirse



### POBLAChT NA hÉIREANN

RIALTAS SEALADACH

### PHOBLAChT NA hÉIREANN

DO MHUINTIR NA hÉIREANN

A FHEARA AGUS A MHNÁ NA hÉIREANN : In ainm Dé agus in ainm na nglún a chuaigh romhainn agus óna bhfuair sí seanoideas na náisiúntachta, tá Éire, trinne, ag gairm a clainne faoina bratach agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di a fir a eagrú agus a oiliúint ina heagraíocht rúnda réabhlóideach, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus ina heagraíochtaí míleata poiblí, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, agus tar éis di a riallhbhéas a thabhairt go foighneach chun

foirfeachta agus feitheamh go buanseasmhach leis an bhfaill chun gnímh, tá sí ag glacadh na faille sin anois, agus, le cabhair óna clainn ar deoraíocht i Meiriceá agus ó chomhghuaillithe calma san Eoraip, ach, thar gach ní, le muinín as a neart dílis féin, tá sí ag bualadh buille i ndóchas iomlán go mbéarfaidh sí bua.

Dearbhaímid gur ceart ceannasach dochlóite ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann, agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan chosc gan cheataí. Níor cuireadh an ceart sin ar ceal leis an bhforghabháil a rinne pobal eachtrannach agus a rialtas air le cian d'aimsir ná ní féidir go brách a chur ar ceal ach trí dhíothú mhuintir na hÉireann. Níl aon ghluin dá dtáinig nár dhearbhaigh pobal na hÉireann a gceart chun saoirse agus ceannas a náisiúin; sé huair le trí chéad bliain anuas dhearbhaíodar faoi airm é. Ag seasamh dúinn ar an gceart bunaidh sin agus á dhearbhu arís faoi airm os comhair an tsaoil, fógraímid leis seo Poblacht na hÉireann ina Stát Ceannasach Neamhspleách agus cuirimid ár n-anam féin agus anam ár gcomrádaithe comhraic i ngeall lena saoirse agus lena leas, agus lena mórardh i measc na náisiúin.

Dlíonn Poblacht na hÉireann, agus éilíonn sí leis seo, géillsine ó mhuintir uile na hÉireann, idir fhir agus mhná. Ráthaíonn an phoblacht saoirse creidimh agus saoirse sibhialta, comhchearta agus comhdheiseanna, dá saoránaigh uile, agus dearbhaíonn sí gurb é a rún séan agus sonas a lorg don náisiúin uile agus do gach roinn di, le comhchúram do chlainn uile an náisiúin, agus le neamhairt ar an easaontas a cothaíodh d'aontoisc eatarthu ag rialtas eachtrannach agus lér deighleadh mionlucht ón tromlach san am atá imithe. Go dtí go dtabharfadh feidhm ár n-arm an t-ionú dúinn Buan-Rialtas Náisiúnta a bhunú ó theachtaí do phobal uile na hÉireann arna dtoghadh le vótaí a cuid fear agus ban, déanfaidh an Rialtas Sealadach, a bhunaítear leis seo, cúrsaí sibhialta agus míleata na Poblachta a riaradh thar ceann an phobail.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUile-chumhacht agus impímid A bheannacht ar ár n-airm; iarraimid gan aon duine a bheas ag fónamh sa chúis sin do tharraingt easonóra uirthi le mílaochas, le mídhaonnacht ná le slad. San uair oirbheartach seo is é dualgas náisiúin na hÉireann a chruthú, lena misneach agus lena dea-iompar agus le toil a clainne á dtoirbhirt féin ar son na maitheasa poiblí, go dtuilleann sí an réim ró-uasal is dán di.

Arna shíniú thar ceann an Rialtais Shealadaigh,

TOMÁS Ó CLÉIRIGH,  
SEÁN MAC DIARMADA, TOMÁS MAC DONNCHADHA,  
PÁDRAIC MAC PIARAIS, ÉAMONN CEANNT,  
SÉAMUS Ó CONGHAILE, IÓSEPH Ó PLUINGCÉAD

## Na Ceannairí a cuireadh chun báis tar éis Éirí Amach 1916

### Seachtar a Shínigh:

**Éamonn Ceannt:** I nGaillimh a rugadh Éamonn Ceannt in 1881. Roimh an Éirí Amach bhí sé fostaithe ag Bardas Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí na nÓglach agus bhí sé ar dhuine den dream a thug na gunnaí isteach i mBinn Éadair in 1914. Chomh maith le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí poblachtánacha bhí spéis aige freisin i gcultúr na hÉireann, go háirithe an Ghaeilge agus stair na hÉireann. Bhí sé ábalta freisin ar na píopaí uilleann. Ba é an ceannfort é ar Cheathrú Cathlán na nÓglach le linn an Éirí Amach, ghabh sé an South Dublin Union, an áit a bhfuil Ospidéal Naomh Séamas anois. Cuireadh chun báis é 8 Bealtaine 1916.

**Tomás Ó Cléirigh:** Ar Oileán Íocht in 1857 a rugadh Tomás Ó Cléirigh agus bhí a athair in arm Shasana. Le linn dó a bheith i Meiriceá agus é óg chuaigh sé isteach i gClann na nGael, agus gearradh cúig bliana déag de dhaorphionós air de bharr an bhaint a bhí aige le feachtas buamála i Londain, 1883-1898. In 1907 tar éis dó filladh go hÉirinn tar éis an dara tréimhse i Meiriceá bhí tábhacht níos mó fós lena cheangal le Clann na nGael ó thaobh ghluaiseacht na poblachta sa tír seo. Bhí sé ina Chisteoir ag an Bráithreachas na Poblachta agus bhí ar an Ard Chomhairle acu ó 1915. Bhí an Cléireach ar an mbuíon a thóg Ard-Oifig an Phoist agus ba é a ainm seisean, an chéad ainm a bhí ar Fhorógra na Saoirse in omós dá aois. Cuireadh chun báis é 3 Bealtaine 1916.

**Séamas Ó Conghaile (1868-1916):** I nDún Éideann a rugadh é in 1868 agus tháinig sé go hÉirinn ar dtús agus é in Arm Shasana. Ainneoin go ndeachaigh sé ar ais go hAlbain bhí an oiread de mhuintir na hÉireann in Dún Éideann agus gur mhúscail sin an spéis a bhí Ó Conghaile ag cur i bpolaitíocht na hÉireann i lár na 1890idí agus d'fhill sé ar Bhaile Átha Cliath in 1896 agus bhunaigh Páirtí Poblachtánach Sóisialach na hÉireann. Chaith an chuid ba mhó de na deich mbliana ag tús an fichiú aois i Meiriceá, tháinig sé ar ais go hÉirinn le hoibriú ar mhaithe le cearta na n-oibrithe in éineacht le James Larkin. Chreid Ó Conghaile go láidir gur bhain contúirt móra le seicteachas agus d'oibrigh sé go dúthachtach in aghaidh fuath creidimh. In 1913 bhí Ó Conghaile ar dhuine de bhunaitheoirí An Arm Cathartha. Le linn Éirí Amach na Cásca ceapadh mar Cheannfort Ginearálta é ar fhórsaí Bhaile Átha Cliath agus bhí sé i gceannas ar an ngrúpa a thóg Ard Oifig an Phoist. Ní raibh sé in ann seasamh suas nuair a bhíodas á chur chun báis mar gur goineadh é le linn an Éirí Amach, b'éigean é a chaitheamh agus é ina shuí síos an 12 Bealtaine 1916. Ba é an duine deireanach de na ceannairí é a cuireadh chun báis.

**Seán Mac Diarmada:** I Liatroim a rugadh Seán Mac Diarmada agus d'ímigh sé go Glaschú in 1890 agus tháinig go Béal Feirste in 1902. Bhí sé i gConradh na Gaeilge agus bhí aithne aige ar Bulmer Hobson. Chuaigh sé isteach i mBráithreachas na Poblachta in 1906 agus é i mBéal Feirste agus d'athraigh sé go Baile Átha Cliath in 1908 áit ar ghlac sé

freagracht ó thaobh bainistíochta ar nuachtán an IRB *Irish Freedom* in 1910. Cé go raibh póilió ag dul do Mhac Diarmada in 1912 ceapadh é ina chomhalta ar choiste sealadach Óglaigh na hÉireann ó 1913, agus tugadh isteach ina dhiaidh sin ar choiste míleata an IRB é in 1915. Le linn an Éirí Amach bhí Mac Diarmada in Ard Oifig an Phoist . Cuireadh chun báis é 12 Bealtaine 1916.

**Tomás Mac Donnchadha:** Ba as Tiobraid Árann ó dhúchas é Mac Donnchadha, in 1878 a rugadh é agus chaith sé an chéad chuid dá shaol ag múineadh scoile. D'athraigh sé go Baile Átha Cliath le staidéar a dhéanamh agus ba é an chéad mhúinteoir é ar fhoireann Scoil Éanna, an scoil ar thug sé cúnamh lena bunú in éineacht le Pádraig Mac Piarais. Bhí eolas maith ag Mac Donnchadha ar an litríocht, agus bhain a chuid dúthrachta agus léinn áit amach dó i roinn an Bhéarla i gColáiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath. Léiríodh an dráma a scríobh sé *When the Dawn is Come* in Amharclann na Mainistreach. Ceapadh é ina stiúrthóir traenála ar Óglaigh na hÉireann in 1914, agus chuaigh sé isteach san IRB ina dhiaidh sin. Ceapadh Mac Donnchadha ar choiste míleata an IRB in 1916. Bhí sé ina cheannasaí ar Dhara Cathlán na nÓglach a thóg seilbh ar mhonarcha brioscaí Jacob agus na tithe thart san áit sin le linn an Éirí Amach. Cuireadh chun báis é an 3 Bealtaine 1916.

**Pádraig Mac Piarais:** I mBaile Átha Cliath a rugadh an Piarasach in 1879 agus thosaigh sé ag cur suime i gcúrsaí cultúir na hÉireann agus é ina dhéagóir. In 1898 rinneadh comhalta den Phiarsach ar Choiste Feidhmiúcháin Chonradh na Gaeilge. Bhain sé céim amach san Ollscoil Ríoga in 1901, céim Dán agus Díl. Bhí an Piarasach ag scríobh seasta agus d'fhoilsigh sé go forleathan i nGaeilge agus i mBéarla. Rinneadh eagarthóir de ar pháipéar Chonradh na Gaeilge *An Claidheamh Soluis*. Chreid sé go láidir san oideachas agus bhunaigh sé dhá scoil Coláiste Éanna agus Coláiste Íde a bhí dírithe ar oideachas trí Ghaeilge do pháistí na hÉireann. Bhí an Piarasach ar bhunaitheoirí na nÓglach, bhí sé ar na daoine a scríobh Forógra na Saoirse agus bhí sé in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach. Ba é Príomh-Cheannfort fhórsaí na hÉireann é. Cuireadh chun báis é 3 Bealtaine 1916.

**Joseph Mary Plunkett:** I mBaile Átha Cliath a rugadh Joseph Mary Plunkett in 1887. Fuair sé a chuid oideachais ar dtús i Sasana ach d'fhill sé ar Éirinn agus bhain céim amach in UCD in 1909. Tar éis dó an chéim a bhaint amach chaith sé dhá bhliain ag taisteal mar bhí sé i ndrochshláinte agus tháinig ar ais go Baile Átha Cliath in 1911. Fearacht Mhac Donnchadha bhí suim ag Plunkett sa litríocht agus bhí sé ina eagarthóir ar an *Irish Review*. I gcomhar le Mac Donnchadha agus Edward Martyn chuidigh sé le hamharclann náisiúnta na hÉireann a bhunú. Chuaigh sé isteach sna hÓglaigh in 1913 agus ina dhiaidh glacadh leis isteach san IRB. Chuaigh Plunkett go dtí an Ghearmáin le casadh le Ruairí Mac Easmainn in 1915. Le linn don Éirí Amach a bheith á phleanáil ceapadh Plunkett ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Míleata agus freagracht fhoriomlán air as straitéis mhíleata. Bhí Plunkett ar dhuine de na daoine a bhí lonnaithe in Ard Oifig an Phoist le linn an Éirí

Amach. Phós sé Grace Gifford agus é i bPríosún Chill Mhaighneann nuair a ghéill lucht an Éirí Amach. Cuireadh chun báis é 4 Bealtaine 1916.

### **Ceannairí eile a cuireadh chun báis:**

**Ruairí Mac Easmainn:** I mBaile Átha Cliath a rugadh Ruairí Mac Easmainn in 1864 agus bronnadh teideal air de bharr a chuid seirbhísí do chonsalacht na Breataine. D'oibrigh sé gan staonadh chun aird a tharraingt ar an drochíde a bhíodhas a dhéanamh ar oibrithe dúchasach i gCongó na Beilge in 1904 agus arís sa Bhraisíl ó 1911-1912 agus bhain sé siar as an bpobal go hidirnáisiúnta de bharr a chuid tuairiscí. Bhí Mac Easmainn i gConradh na Gaeilge in 1904 agus thosaigh sé an uair sin ag scríobh altanna náisiúnta faoin ainm cleite 'Sean Bhean Bhocht'. D'éirigh sé as seirbhís consalachta na Breataine in 1913 agus chuaigh sé ansin isteach sna hÓglaigh. Cuireadh Mac Easmainn chun na Gearmáine de bharr an méid taithí a bhí aige le go gcuirfeadh sé le chéile Cathlán Éireannach as príosúnaigh cogaidh. Gabhadh é i gCiarraí Aoine an Chéasta 1916 tar éis dó a theacht i dtír in Éirinn de U-Bhád de chuid na Gearmáine. Cuireadh sa phríosún é i bPentonville i Londain agus cuireadh Ard-Tréas ina leith. Crochadh é an 3 Lúnasa 1916, an t-aon cheannaire a bhain leis an Éirí Amach a cuireadh chun báis lasmuigh d'Éirinn.

**Con Colbert:** I Luimneach a rugadh Colbert in 1888. Roimh an Éirí Amach bhí sé gníomhach i ngluaiseacht na poblachta, bhí sé i bhFianna Éireann agus sna hÓglaigh. Níor chaith sé agus níor ól sé. Ba é an captaen é ar Chomhplacht F an Ceathrú Cathlán agus ba é a bhí i gceannas ag drioghlann Lána Marrowbone nuair a ghéill siad an Domhnach 30 Aibreán 1916. Cuireadh chun báis é 8 Bealtaine 1916.

**Edward Daly:** I Luimneach in 1891 a rugadh é agus bhí baint ag a mhuintir roimhe le poblachtánachas; bhí a uncail John Daly páirteach in Éirí Amach 1867. Ba é Edward Daly a bhí i gceannas an Chéad Chathlái le linn an Éirí Amach, d'ionsaigh siad an Bridewell agus Bearic Linenhall agus thóg sé na Ceithre Chúirt ina dhiaidh sin. Bhí sé an-mhór le Tomás Ó Cléirigh agus neartaigh an cairdeas tuilleadh nuair a phós an Cléireach deirfiúr Edward Daly. Cuireadh Edward Daly chun báis an 4 Bealtaine 1916.

**Seán Heuston:** In 1891 a rugadh é agus is air a bhí eagrú Fhianna Éireann i Luimneach. Bhí Heuston i dteannta Con Colbert páirteach in oideachas na mbuachaillí i Scoil Éanna agus d'eagraigh siad druileáil agus cleachtadh le muscaedaíocht. Thóg cuid den Chéad Chathlán faoi cheannas Heuston an *Medicity Institute* ar an taobh ó dheas den Life agus sheas siad an fód ansin go ceann dhá lá. Cuireadh chun báis é an 6 Bealtaine 1916. Is ina dhiaidh atá stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath ainmnithe.

**Thomas Kent:** In 1865 a rugadh Kent. Gabhadh é ag a theach ag Caisleán Ó Liatháin, Co. Chorcaí nuair a thug an Royal Irish Constabulary ruathar faoin áit an 22 Aibreán 1916. Maraíodh a dheartháir Richard le linn an ruathair. Bhí sé i gceist aige dul go Baile Átha

Cliath le páirt a ghlacadh san Éirí Amach ach nuair a cuireadh an t-ordú chun airm do na hÓglaigh ar ceal Domhnach Cásca ghlac sé leis go raibh an tÉirí Amach curtha siar agus d'fhan sa bhaile. Cuireadh chun báis ag Beairic Choinneála Chorcaí an 9 Bealtaine 1916 é tar éis chúirt mhíleata. Athainmníodh an stáisiún iarnróid i gCorcaigh ina dhiaidh in 1966.

**John MacBride:** I Maigh Eo a rugadh é in 1865. Ainneoin go raibh sé oilte ina dhochtúir d'éirigh sé as an gceird sin agus chuaigh ag obair le cógaisíocht. Thaistil sé go Meiriceá in 1896 le hobair an IRB a chur chun cinn agus ansin go dtí an Afraic Theas áit ar chuir sé le chéile Briogáid Transvaal na hÉireann le linn Dara Cogadh na mBórach. Phós MacBride an náisiúnach Maude Gonne in 1903. Ní raibh sé sna hÓglaigh ach nuair a thosaigh an tÉirí Amach thairg sé cúnamh do Thomás Mac Donnchadha agus bhí sé i monarcha brioscaí Jacob nuair a géilleadh an áit sin an Domhnach 30 Aibreán 1916. Cuireadh chun báis é an 5 Bealtaine 1916.

**Michael Mallin:** Fíodóir síoda a bhí i Mallin. I mBaile Átha Cliath a rugadh é in 1874. Bhí sé i dteannta an Chuntaois Markievicz i gceannas buíon beag den Arm Cathartha a raibh sé mar Cheann Foirne orthu nuair a thóg siad Faiche Stiabhna agus Coláiste na Máinlia. Cuireadh chun báis é 8 Bealtaine 1916..

**Michael O'Hanrahan:** I Loch Garman a rugadh Michael O'Hanrahan. Léirigh sé bua na scríbhneoireachta agus é óg agus d'oibrigh sé go dúthrachtach leis an nGaeilge a chur chun cinn. Ba é a bhunaigh an chéad chraobh de Chonradh na Gaeilge i gCeatharlach agus d'fhoilsigh sé dhá úrscéal, *A Swordsman of the Brigade* agus *When the Norman Came*. Ar nós go leor eile de na ceannairí a cuireadh chun báis bhí sé sna hÓglaigh ó bunaíodh iad agus ba é an dara ceannaire é faoi Thomás Mac Donnchadha ag monarcha brioscaí Jacob le linn an Éirí Amach cé gur ghlac John Mac Bride an ról sin air féin cuid mhaith nuair a tháinig sé ann. Cuireadh chun báis é an 4 Bealtaine 1916.

**Liam Mac Piarais:** I mBaile Átha Cliath a rugadh é in 1881. Deartháir le Pádraig Mac Piarais a bhí ann, bhí sé níos óige ná Pádraig agus bhí an tsuim chéanna aige i saoirse na hÉireann. Chuidigh sé le Pádraig le Scoil Éanna a rith. Bhí an bheirt deartháir an-mhór le chéile agus throid siad le hais a chéile in Ard Oifig an Phoist. Cuireadh Liam chun báis an 4 Bealtaine 1916. Athainmníodh stáisiún iarnróid na bPiarasach i Rae an Iarthair i ndiaidh an bheirt deartháir in 1966.

## Éirí Amach 1916.

### Aidhmeanna Éirí Amach 1916

Shamhlaigh fir agus mná Éirí Amach 1916 Éire nua a bheadh ina daonlathas náisiúnta; Éire, i bhfocail an Fhorógra, a 'ráthaíonn ... saoirse creidimh agus saoirse shibhialta, comhchearta agus comhdheiseanna, dá saoránaigh uile, agus [a dhearbhaíonn] gurb é a rún séan agus sonas a lorg don náisiún uile agus do gach roinn di, a comhchúram do chlainn uile an náisiúin.' Chreid siad gur le neamhspleáchas amháin a d'fhéadfaí sin a bhaint amach.

Nuair a ghabh siad Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath Luan Cásca, an 24 Aibreán 1916, d'fhógair ceannairí an Éirí Amach Poblacht na hÉireann a bheadh saor agus a mbeadh an chothromaíocht ina croighné de. Dearbhaíonn an Forógra, a léigh Pádraig Mac Piarais ar dtús ar chéimeanna Ard-Oifig an Phoist díreach tar éis meán lae, cearta mhuintir ina hÉireann a bheith ceannasach. Bhíothas ag tnúth le Rialtas dúchais a bhunú a bheadh tofa ar phrionsabail dhaonlathacha an fhéinchoinnidh agus rialú le toil. Chuir éirí amach 1916 tús le próiseas nach bhféadfaí a stopadh agus as ar lean Éire agus an Bhreatain Mhór a dheighilt óna chéile.

Caithfear breathnú ar imeachtaí 1916 i gcomhthéacs ghluaiseacht náisiúnach níos leithne, tuairimí láidre na ndaoine a bhí in aghaidh aon lagú a dhéanamh ar an nasc leis an gCoróin agus na himeachtaí móra a bhí ar siúl ar pháirceanna an áir san Eoraip i gceann de na coimhlintí ab fhuiltí a fachtas riamh ar domhan. Ba chóir a thabhairt ar aird gur neartaigh baol leanúnach an choinscríofa a bhí ann mar gur theastaigh an oiread daoine le haghaidh an cogadh a throid an scoilt a bhí ag méadú i measc na ndaoine go ginearálta. Bhí an t-éadóchas leanúnach i measc na Náisiúnaithe in Éirinn faoin easpa dul chun cinn ó thaobh Rialtais Dúchais, agus go bhféadfadh sé tarlú nach bhfaigheadh an t-oileán ar fad Rialtas Dúchais, agus diúltú Oifig Chogaidh na Breataine cead a thabhairt Briogáid Éireannach a chruthú, agus fiú diúltú na hOifige sin do shuaitheantas rannánach Éireannach, níos measa fós de bharr na ndaoine a bhí á gcur chun báis.

## Rialtas Dúchais

Bhí an t-éileamh ar Rialtas Dúchais de réir mar a bhí curtha chun cinn ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann go mór chun tosaigh i bpolaitíocht na hÉireann ó na 1870idí.

Chuir na hAontachtaithe go mór ina aghaidh. De réir mar a bhí borradh ag teacht faoi chineál éigin de Rialtas Dúchais i dtús na 1900idí, ba mhó a bhí na hAontachtaithe ag díriú ar Chúige Uladh agus iad ag cur in aghaidh Rialtas Dúchais.

Chruthaigh na hAontachtaithe Óglaigh Uladh mar gheall ar an tríú Bille Rialtais Dúchais a bheith ar tí a rith, Bille a bhí faoi thionchar ag spléachas parlaiminteach Rialtas na Breataine ar MPanna na hÉireann. Is éard a bhí i gceist ansin iarracht an tríú Bille Rialtais Dúchais a chosc trí fhorneart a bhagairt agus is ina dhiaidh sin a cruthaíodh Óglaigh na hÉireann náisiúnach. Ba mhó i gceist tosú An Chéad Chogadh Domhanda ná géarchéim na hÉireann. Ní raibh Bille an Rialtais Dúchais a rabhtas ag feitheamh le fada air le teacht i bhfeidhm go dtí tar éis an chogaidh, cé go raibh sé curtha ar an gclár reachtanna, agus ag an tráth sin bheadh socruithe speisialta, a bhí le socrú go fóill, le tabhairt isteach chun freastal ar agóidí Aontachtaithe Uladh.

## An Chéad Chogadh Domhanda

De réir mheastacháin oifigiúla na Breataine, bhí os cionn 200,000 Éireannach, ón dá thraidisiún, ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda agus maraíodh thart ar 40,000 díobh. I gcás na hAontachtaithe, dílseacht don Choróin a bhí i gceist. I gcás na Náisiúnaithe bhí an cás níos casta. Ba é ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, Seán Mac Réamainn, ceannaire polaitiúil ainmniúil ar Óglaigh na hÉireann freisin. Ag óráid a thug sé i nGearradh



na nGabhlán i Meán Fómhair 1914, d'fhógair sé a thacaíocht don chogadh agus d'iarr ar an hÓglaigh dul chun cogáíochta. Thacaigh tromlach na nÓglach le seasamh Mhic Réamainn agus bhunaigh siad na hÓglaigh Náisiúnta. Choinnigh líon níos lú faoi cheannas Eoin Mhic Néill an t-ainm Óglaigh na hÉireann agus dhiúltaigh siad tacú le feachtas cogaidh na Breataine.

Ba í an bholscaireacht a rinne an Bhreatain ar an gcogadh ar dtús báire ná go raibh siad ag cosaint tír bheag na Beilge. D'athraigh sé ina dhiaidh sin go dtí cogadh a bhí á throid ar mhaithe le cearta na náisiún beag mar a dúirt an tUachtarán Wilson, agus bhí prionsabal an fhéinchinnidh do náisiún den sórt sin, go háirithe sna hImpireachtaí i lár na hEorpa a bhí curtha de dhroim seoil, cuid mhór chun tosaigh sa díospóireacht ag na cainteanna síochána ina dhiaidh sin ag Versailles. B'ait an ní i gcás roinnt náisiúnaithe de chuid na hÉireann go mbeidís ag troid in arm na Breataine ar mhaithe le cúis den sórt sin. Chomh maith leis sin, tháinig meath go tapaidh ar dhiograis an phobail don chogadh mar gur motháíodh gur beag aitheantas a bhí á thabhairt do rannpháirtíocht na nÉireannach sin a liostáil. De réir mar a bhí saighdiúirí á marú agus bagairt an choinscríofa fós ann bhí meath ag teacht ar an díograis sin.

## Éirí Amach 1916

Is sin é an chaoi a raibh cúrsaí nuair a eagraíodh Éirí Amach 1916. Is dream laistigh de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB), cumann rúnda a bhí ann ó 1858, a raibh sé mar aidhm sheasta acu Poblacht Éireannach ar leithligh a bhaint amach, a chruthaigh an plean. Bhíothas ag súil go gcinnteodh an tÉirí Amach áit d'Éirinn ag an gcomhdháil síochána tar éis an chogaidh. Bhí céimeanna arda ag comhaltaí den IRB sna hÓglaigh agus ba é an fórsa sin, i dteannta le Arm Cathartha na hÉireann faoi cheannas Shéamuis Uí Chonghaile, a bhí i mbun an Éirí Amach.

Ba léir réimse leathan thuairimí agus éagsúlacht cúlraí lucht Óglaigh na hÉireann san easaontas i measc na gceannairí. Bhí tús an Éirí Amach trína chéile mar gheall ar dhaoine a bhí ag tacú leis an Éirí Amach agus daoine a bhí ina choinne a bheith ag eisiúint orduithe a bhí ag teacht salach ar a chéile. Ba chóir a thabhairt ar aird gur ardaigh comhaltas Óglaigh na hÉireann ó 2/3000 comhalta i Meán Fómhair 1914 go dtí thart ar 15,000 faoi 1916. Bhí Bráithreachas Phoblacht na hÉireann tagtha isteach go mór san eagraíocht. Ghabh na ceannaircí Ard-Oifig an Phoist Luan Cásca, an 24 Aibreán, 1916, agus bhí sé mar cheanncheathrú acu. Is as seo a léadh an forfhógra an lá céanna. Ba iad Tomás Ó Cléirigh, Seán Mac Diarmada, Pádraig Mac Piarais, Séamas Ó Conghaile, Tomás Mac Donnchadha, Éamon Ceannt agus Ióseph Ó Pluingcéad na sinitheoirí. Leagtar na haidhmeanna amach ann, ní amháin saoirse ó riail na Breataine, ach Éire a chruthú ina mbeadh na daoine go léir saor chun a lán-acmhainn a bhaint amach beag beann ar shaibhreas, aicme nó creideamh.

Ghlac na ceannaircí seilbh ar fhoirgnimh straitéiseacha eile i mBaile Átha Cliath freisin, ar nós na Ceithre Chúirt, BÁCÚS Boland, Monarcha Jacobs, Coláiste na Máinleá agus *South Dublin Union*. Cé gur tharla an chuid is mó den ghníomhaíocht i mBaile Átha Cliath, tháinig líon suntasach Óglach amach i Lú, Loch Garman, Gaillimh agus Cill Déagláin. Mhair an troid ar feadh seachtaine agus maraíodh os cionn 250 sibhialach, 130 comhalta d'fhórsaí na corónach agus os cionn 60 ceannairceach mar thoradh air. In iarracht aon dhoirteadh fola eile a chosc, d'fhógair an Píarsach géilleadh gan choinníoll ina ndúirt sé: Chun tuilleadh sléachta ar an bpobal sibhialta a chosc agus i ndóchas go sábhálfar saol ár lucht leanúna, tá sé socraithe ag comhaltaí an Rialtais Shealadaigh atá i láthair ag an gceanncheathrú géilleadh gan chomha, agus ordóidh ceannfoirt nó oifigigh atá i gceannas ar dhúichí do na daoine atá faoina gceannas a gcuid arm a leagan uathu. Pádraig Mac Piarais, Baile Átha Cliath an 30ú Aibreán 1916. [Aistriúchán ar an mbunscríbhinn i nBéarla]

Mháirseáil go leor aonad de chuid na nÓglach in eagar chun a n-airm a leagan uathu. Caithfear a rá nach raibh bá an phobail ar thaobh na gceannairceach ar dtús báire, mar gheall ar easpa tuisceana ar an gcuspóir, chomh maith le daoine a bheith ag fáil bháis; an t-ár agus an doirteadh fola. D'athraigh sé sin go tapaidh, áfach.

## Ina dhiaidh sin

Cuireadh an tÉirí Amach faoi chois go tapaídh agus go borb. Plancadh lár na cathrach. In ainneoin go raibh an ghníomhaíocht dírithe isteach ar Bhaile Átha Cliath, fógraíodh dlí airm agus leathnaíodh ar fud na tíre é. Gabhadh os cionn 3,500 duine – os cionn dhá oiread an líon a ghlac páirt san Éirí Amach. Faoi Bhealtaine bhí 1,600 duine imtheorannaithe sa Bhreatain Bheag, gan aon triail.

Cuireadh cúigear ceannairceach déag mór le rá chun báis idir an 3ú Bealtaine agus an 12ú Bealtaine. (Crochadh Roger Casement ina dhiaidh sin i bPríosún Pentonville i Lúnasa 1916). Chuir bás na ndaoine fearg ar an bpobal, go háirithe bás Liam Mhic Phiarais, ar an gcúis go bunúsach go mba deartháir le Pádraig Mac Piarais a bhí ann; bás an Mhaoir John MacBride, nach raibh baint ná páirt aige le pleanáil an Éirí Amach, ach a tharraing naimhdeas na Breataine air féin i rith Chogadh na mBórach; bás Ióseph Uí Pluingcéid a bhí go dona tinn agus bás Shéamuis Uí Chonghaile a bhí gonta go dona. Ba ghearr gur athraigh na himeachtaí sin, mar aon lena tharla do Francis Sheehy Skeffington, síochánaí agus scríbhneoir cáiliúil a maraíodh i rith an Éirí Amach nuair a bhí sé ag iarraidh an foréigean a mhaolú agus creachadh a stopadh, tuairim an phobail. Choip an t-achar fada ar leanadh leis an gcur chun báis – naoi lá – an pobal tuilleadh. I dTeach na dTeachtaí, cháin John Dillon de chuid Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann beartas na Breataine, á áiteamh ‘i nua-stair an domhain ... nár cuireadh aon éirí amach ná ceannairc faoi chois leis an oiread sin fola agus brúidiúlachta agus a rinneadh leis an éirí amach a tharla díreach roimhe sin in Éirinn’. In áit sochraidí, dúradh aifrinne don dream a maraíodh, óir go raibh a gcorp curtha in aol beo. B’ócáidí do léirsiú poiblí a bhí a bhfilleadh na n-imtheorannaithe agus sochraid Thomás Áis tar éis stailc ocrais i Meán Fómhair 1917.

## Iarmhairtí Polaitíochta

Ba ghearr gur léiríodh iarmhairtí polaitíochta an Éirí Amach agus cur faoi chois an Éirí Amach sna toghcháin ina dhiaidh sin. Tharla an chéad cheann díobh sin an 17 Feabhra 1917 i Ros Comáin Thuaidh, nuair a toghadh an Cunta Ó Pluingcéad, athair Ióseph Uí Pluingcéid a cuireadh chun báis, mar theachta neamhspleách. Ní raibh seisean le freastal ar Westminster. Tar éis tacú le feachtas Uí Phluingcéid, mhol Micheál Ó Coileáin Joe McGuinness mar iarrthóir do shuíochán an Longfoirt Theas nuair a bhí an suíochán sin folamh sa Bhealtaine. Bhí McGuinness ag cur pianbhreith isteach i bpríosún Lewes mar gheall ar an mbaint a bhí aige leis an Éirí Amach. Na príosúnaigh a cuireadh thar lear, ba iad bunús pháirtí Sinn Féin iad, páirtí a bhí ag láidriú arís agus a bhí ar son na deighilte leis an mBreatain, agus a neartaigh a nasc le hÓglaigh na hÉireann nuair a ghlac Éamon DeValera, iarphríosúnach, uachtaránacht an dá eagraíocht. I mí Iúil na bliana sin, bhuaigh De Valera corrrthoghchán sa Chlár Thoir, ag fáil an bhua ar iarrthóir Rialtais Dúchais. Lean Páirtí Parlaiminteach na hÉireann ag iarraidh Rialtas Dúchais a bhaint amach, agus chun na críche sin bhí a gcéad chruinniú ag Comhdháil na hÉireann i mí Iúil 1917. In ainneoin nár chríochnaigh an Chomhdháil go dtí Aibreán 1918, ní fhéadfaí teacht ar chomhaontú le hAontachtaithe Uladh ar an gceist, fiú agus Aontachtaithe an Deiscirt níos báúla, agus ní bhfuarthas an Rialtas Dúchais. Ag an am céanna bhí géarchéim nua ina tús. Chruthódh sí a bheith ar ghéarchéim a dhaingneodh tacaíocht don Sinn Féin nua.

Mar gheall ar an bplean coinscríobh a thabhairt isteach in Éirinn agus an clampar a lean ón bpobal tháinig athrú ó bhonn ar Éire Náisiúnach. Bhí mhór é fearg an phobail agus lean gluaiseacht náisiúnta frithbheartaíochta. Gairmeadh stailc ghinearálta aon lae agus tugadh geall in aghaidh an choinscríofa le tacaíocht ó Shinn Féin, Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, Páirtí an Lucht Oibre agus polaiteoirí neamhspleácha leis. In ainneoin an chomhaontaithe leathan a cruthaíodh ar cheist an choinscríofa, gheobhadh Sinn Féin bua ollmhór san olltoghchán i 1918, agus é mar aidhm dhearbhaithe acu Éire a bheith ina poblacht neamhspleách ceannasach aitheanta. Bhí seasamh na Náisiúnaithe athraithe. Leathnaigh an *Representation of the People Act, 1918* na toghthóirí chun gach fear os cionn 21 bhliain d’aois agus gach bean os cionn 30 bliain d’aois a chur san áireamh. Níos deireanaí an bhliain sin, thug an *Parliamentary Qualification of Women Act, 1918* an ceart do mhná os cionn 30 bliain d’aois seasamh do thoghchán mar MP. Ba í an Chuntaois Markievicz an chéad bhean a toghadh ina M.P. Ba é an toghchán i mí na Nollag 1918 an

chéad Olltoghchán ó mhí na Nollag 1910, bhí toghchán 1916 curtha ar ceal mar gheall ar an gcogadh. Tháinig glúin nua iomlán de vótóirí chun cinn, a bhí faoi anáil 1916 agus ar tharla ina dhiaidh, agus faoi anáil ghéarchéim an choinscríofa agus an chogaidh féin. Ag leanúint polasaí ag Sinn Féin gan freastal ar Westminster, cruthaíodh an Dáil mar thoradh ar an toghchán. Mhair an Dáil mar fhoras daonlathach trí mhórchlaochlú na mblianta suaite ó 1919 go dtí 1923.

Is í Dáil Éireann go fóill ár bparlaimint dhaonlathach sa lá atá inniu ann. Chuaigh go leor de na ceannaircigh a mhair ar aghaidh agus d'fhóin go hoirearc mar chomhaltaí den Dáil agus den rialtas, chomh maith le forais eile, san Éirinn nua, neamhspleách.

B'ócáid an-mhór a bhí in Éirí Amach 1916 a tharla faoi cheannas fhir agus mhná a raibh aidhmeanna acu d'Éirinn de chineál eile, Éire a rathódh saoirse creidimh agus saoirse sibhialta agus a lorgódh séan agus sonas don náisiún uile, agus do gach roinn den náisiún sin. Tharla sé ag tráth coimhlinte sa saol idirnáisiúnta, ar choimhlint í inar bhásaigh Éireannaigh ar an bhFronta Thiar, in Gallipoli, in Mesopotamia agus ar muir. Cailleadh go leor daoine mar gheall ar an Éirí Amach, bíodh siad ina gcomhraiceoirí nó ina sibhialaigh. Déanaimid comóradh ar na himeachtaí sin cothrom an lae seo nócha bliain ó shin agus cásaímid na daoine sin go léir a bhásaigh.

## Bileog Fíricí

### Cathláin i mBaile Átha Cliath

**An Chéad Cathlán:** Faoin gCeannfort Edward Daly, ghlac seilbh ar na Ceithre Chúirt.

**An Dara Cathlán:** An Ceannfort Tomás Mac Donnchadha – ghlac seilbh ar mhonarcha briosaí Jacob.

**An Tríú Cathlán:** An Ceannfort Éamon de Valera – ghlac seilbh ar mhuilte plúir Boland agus ar an iarnród ó Rae Westland go dtí Bóthar Lansdúin. [ag gabháil na líne go Kingstown]

**An Ceathrú Cathlán:** An Ceannfort Éamon Ceannt, a ghlac seilbh ar *South Dublin Union*. [Ospidéal San Séamas].

Ghlac **an tArm Cathartha** faoi cheannas Michael Mallin agus na Cuntaoise Markievicz seilbh ar Fhaiche Stiabhna.

San Éirí Amach, maraíodh 132 comhalta d'fhórsaí na corónach. Cuireann na figiúirí oifigiúla na comhraiceoirí ceannairceacha agus sibhialaigh le chéile – maraíodh 318 agus gortaíodh 2,217.

Glactar leis go ginearálta gur 60 nó 62 an líon poblachtach a maraíodh. Bhásaigh os cionn 250 sibhialach.

De réir mheastacháin oifigiúla na Breataine, bhí os cionn 200,000 Éireannach ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda agus maraíodh thart ar 40,000 díobh.

## NA FÓRSAÍ COSANTA

Bunaíodh *Óglaigh na hÉireann*, an 25 Samhain 1913 ag cruinniú poiblí a tionóladh i Rinc an Rotunda i mBaile Átha Cliath. Bhí spéis mhór ag an bpobal sa ghluaiseacht agus faoi lár 1914 bhí 180,000 de chomhaltas ainmniúil in Óglaigh na hÉireann. Bhí scoilt ansin ann faoinar chóir dá chomhaltáí liostáil i bhFórsaí na Breataine agus troid sa chogadh san Eoraip. Bhí líon mór ina aghaidh sin agus choinnigh siad an t-ainm bunaidh. Laistigh de na hÓglaigh bhí líon beag ag ullmhú do cheannairc. Cé gur buaileadh Éirí Amach 1916, throid na hÓglaigh le disciplín agus scil agus chabhraigh a n-iompar lena chinntiú gur gearr gur breathnaíodh ar an Éirí Amach mar rud a bhféadfaí a bheith bródúil as.

Is roinnt ceannairí óga, diongbháilte de na hÓglaigh a chuir tús in Eanáir 1919 le Cogadh na Saoirse a bhí ann ina dhiaidh sin. I rith an chogaidh sin bhí 15,000 Óglach páirteach go gníomhach, agus bhí thart ar 3,000 i mbun seirbhíse ag aon tráth ar leith. Ó Fhómhar 1919 bhí an fórsa láidir a dhóthain chun tabhairt faoi ghníomhartha níos suntasaí. Faoi dheireadh 1920 bhí an fórsa eagraithe ina 'choluín reatha' – aonaid shoghluaiste de thart ar 100 fear, bunaithe i gcampaí cúlraideacha nó i dtithe sábháilte. An 11 Iúil tháinig sos comhraic i bhfeidhm a chuir deireadh leis an troid.

Ag deireadh an Chogaidh Chathartha a bhí ann tar éis rith an chonartha, thug an stát nua faoi stádas dlíthiúil a thabhairt dá chuid fórsaí armtha. Faoi Acht Fórsaí Cosanta (Forálacha Sealadacha), 1923 bhunaigh an Ard-Chomhairle Óglaigh na hÉireann go foirmiúil an 1 Deireadh Fómhair 1924.

Nuair a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda cuireadh tús le feachtas earcaíochta agus ba ghearr gur forbraíodh fórsa troda éifeachtach chun ár neodracht a chosaint. In Aibreán/Bealtaine 1941 bhain líon an Airm Éigeandála uasphointe de bheagnach 41,000 amach agus i Meitheamh 1943 bhí 106,000 san Fhórsa Cosanta Áitiúil.

Chuaigh Éire leis na Náisiúin Aontaithe i 1955 agus sa bhliain 1958 chuir sí breathnadóirí míleata ar mhisean de chuid na NA go dtí an Liobáin. Ba é seo tús rannpháirtíocht na bhFórsaí Cosanta i seirbhís thar lear, rannpháirtíocht atá fós ar siúl sa lá atá inniu ann. Is aonaid i misin mhór-fhórsa a bhí imlonnaithe sa Chongó, sa Chipir, sa Liobáin, sa tSomáil agus sa Tiomór Thoir, agus níos deireanaí sa Libéir agus sa Chosaiv, a rinne formhór na gcúairteanna dualgais. I measc na dtiomantas eile bhí míreanna ceanncheathrú agus speisialtachta, aonaid loighisticíúla, aonaid phóilíneachta míleata agus breathnadóirí míleata.

I 1969 chuir tús an fhoréigin i dTuaisceart Éireann tús le diantréimhse oibríochtúil do gach mír de na Fórsaí Cosanta. Laghdaigh an Próiseas Síochána, a fógraíodh le síniú Chomhaontú Aoine an Chéasta an 10 Aibreán 1998, chomh dian a bhí an tiomantas do na hoibríochtaí sin agus d'fhéadfaí béim níos mó a chur ar an ngné idirnáisiúnta. Léiríonn bainistiú géarchéime thar ceann na Náisiún Aontaithe agus freagra ar thubaistí nádúrtha go mbeidh oibríochtaí ilnáisiúnta thacaíocht síochána agus daonchairdiúla ina gcuid mhór de ghníomhaíochtaí na bhFórsaí Cosanta atá imlonnaithe faoi láthair chun tacú leis an tsíocháin i 19 misean i 23 tír dhifriúil.

## **Domhnach Cásca: Searmanas ag Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath agus an Paráid**

### ***Cuirtear tús leis an Paráid***

Beidh an tArm, an Cabhlach, an tAercór, Athloachra na NA, Gardaí agus trealamh/feithiclí tacaíochta ann agus beidh an tAerchór ag eitilt lasnairde.

#### **11.45 am**

- Fágann an Paráid Caisleán Átha Cliath
- Seasann an Paráid i Shráid Westmoreland
- Teacht an Uachtaráin ag Ard-Oifig an Phoist

### ***Tosnú an tSearmanais ag Ard-Oifig an Phoist***

#### **12.00 meán lae**

- Íslítear an Bhratach Náisiúnta ar dhíon Ard-Oifig an Phoist
- Léann Oifigeach Airm an Forógra
- Iarann an Taoiseach ar an Uachtarán fleasc a leagan
- Leagann an tUachtarán fleasc
- Bíonn nóiméad ciúnais ann I gcuimhne na daoine go léir a bhásaigh
- Ardaítear an Bhratach Náisiúnta go dtí barr an chrainn
- An tAmhrán Náisiúnta

### ***Atús an Pharáid***

- Leanann an Paráid ar aghaidh trí Sráid Ó Chonail go Cearnóg Parnell

## Chath an Somme

### Saighdiúirí Éireannacha sa Chéad Chogadh Domhanda

#### Saighdiúirí na hÉireann i gCath an Somme

Thosaigh Cath an Somme, a bhfuilimid ag comóradh a chothrom lae nócha bliain ó shin, an 1 Iúil 1916 tar éis tuairgneáil airtléire ocht lá ar línte tosaigh na Gearmáine. In ainneoin go raibh 60,000 taismeach ann in aon lá amháin, ní dhearnadh aon dul chun cinn in aghaidh na Breataine agus mhair an cogadh go dtí an Samhain dar gcionn tráth ar athraigh an aimsir cúrsaí. Bhí os cionn milliún taismeach ar an iomlán sa Chath. Bhí 3,500 Éireannach ó gach ceann den oileán i measc na marbh. Chun tuiscint iomlán a fháil ar ar tharla ag an Somme, agus chun a cheart féin a thabhairt don tábhacht a bhí leis, caithfidimid breathnú ar chomhthéacs iomlán an Chéad Chogadh Domhanda agus an tionchar a bhí aige ar Éirinn agus ar na daoine as Éirinn a ghlac páirt ann.

#### Saighdiúirí Éireannacha sa Chéad Chogadh Domhanda

Nuair a scaoil an Seirbiach Boisniach Gavrilo Princip na hurchair a mharaigh an oidhre ar Choróin na hOstaire, an tArd-Diúc Franz Ferdinand, agus a bhanchéile le linn a gcuirte ar Sarajevo i Meitheamh 1914, chuir sé tús le cúrsaí a mbeadh tionchar díreach acu ar Éireannaigh i ngach cearn d'Éirinn agus ar Éireannaigh a bhí ina gcónaí sa Bhreatain, san Astráil, sa Nua-Shéalainn, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe. Athraíodh stair na hÉireann go mór, as ar tháinig fórsaí a bhfuil tionchar fós acu ar pholaitíocht an lae inniu. Mar gheall ar níos mó eolais ar ghnéithe Éireannacha den Chogadh is féidir linn úsáid thairbheach a bhaint as na fórsaí sin chun go bhféadfadh daoine ón dá mhórthraidisiún nithe a bheith i gcoiteann acu.

#### Éire ag Tús an Chogaidh

Faoi 1914, ba dhealraitheach go raibh na hiarrachtaí polaitiúla chun féinrialtas de chineál éigin a thabhairt go hÉirinn ag baint torthaí cinnte amach le rith Bhille an Rialtais Dúchais ag Westminster. Thug an baol go mbeadh parlaimint i mBaile Átha Cliath ar an bhfreasúra Aontachtach Óglaigh Uladh a eagrú agus 24,600 raidhfil mar aon le 3 mhilliún piléar a allmhairiú ón nGearmáin an 24-25 Aibreán, 1914. Mar fhreagra air sin, chruthaigh na Náisiúnaithe Óglaigh na hÉireann agus thug siadsan airm ón nGearmáin isteach ag Binn Éadair, cé nach raibh ann ach 900 raidhfil agus 25,000 piléar. Bhíodh na hairm neamhoifigiúla sin ag freachnamh go hoscailte in eagar míleata ag iompar airm agus bhíodh a gcuid éide féin á chaitheamh ag go leor de na hÓglaigh.

Tá traidisiún láidir míleata ag Éirinn. Fiú amháin roimh imeacht na 'nGéanna Fiáine' tar éis Chonradh Luimnigh, bhíodh saighdiúirí Éireannacha ag cleachtadh a gceirde thar lear. Bhí uiscedhath a léirigh "Saighdiúirí Éireannacha" ón mbliain 1521 i dtaispeántas le gairid de phriontaí de chuid Albrecht Durer. I rith an 19<sup>ú</sup> aois, bhí Arm na Breataine in Éirinn mar bhealach amach áisiúil d'fhir óga a raibh spéis acu sa saighdiúireacht. Bhí an tír roinnte ina n-abhantracha do reisimintí áitiúla a chuir ioncam rialta, éide tarraingeach agus an deis taisteal thar lear ar fáil. Chuaigh daoine eile i gcabhlach na Breataine. Bhain eisisimircigh Éireannacha chun na Stát Aontaithe cáil amach ar an dá thaobh sa Chogadh Cathartha. Tharraing na heagraíochtaí óglach nua agus Arm Cathartha na hÉireann go mór ar athlaochra airm le haghaidh saineolas eagraíochtúil agus traenáil.

## Téann Éire chun cogaidh

---

Nuair a d'fhógair an Bhreatain Mhór cogadh an 4<sup>ú</sup> Lúnasa, 1914, bhí isteach agus amach le 20,000 Éireannach ag fónamh cheana féin i mBuan-Arm na Breataine agus bhí 30,000 eile i gcéadlíne an chúltaca. Ba 247,000 a bhí i líon iomlán an airm agus bhí 145,000 cúltaice ann a bhí sa bhuanarm tráth. I gcodarsnacht le mórchumhachtaí Eorpacha eile, bhí Arm na Breataine ag brath ar shaighdiúirí saorálacha seachas ar Sheirbhís Náisiúnta. Chuir an Tiarna Kitchener, oifigeach a bhí ag fónamh agus a ndearnadh Rúnaí Cogaidh de an 5<sup>ú</sup> Lúnasa, in iúl don Chomh-Aireacht gur cogadh trí bliana a bheadh ann agus go mbeadh milliún fear ar a laghad de dhíth. Cruthaíodh tríocha rannán nua ar ar tugadh na hAirm Nua nó Arm Kitchener. Sannadh na hÓglaigh chuig cathláin nua de na reisimintí coisithe a bhí cheana ann agus tugadh uimhreacha dóibh a bhí ag leanúint na n-uimhreacha a bhí cheana ann. [Cuireadh an focal "Seirbhís" leis an uimhir chathláin.] Is 1,000 fear a bhíodh sa chathlán coisithe de ghnáth. Tar éis cailíteanais mhóra agus meath ar an líon óglach, tugadh coinscríobh isteach faoi dheireadh in Eanáir 1916. Níor cuireadh i bhfeidhm in Éirinn é.

Tugadh Cead Ríoga do Bhille an Rialtais Dúchais an 18<sup>ú</sup> Meán Fómhair 1914, ach cuireadh a fheidhmiú ar fionraí go ceann bliana amháin nó an t-achar a mhairfeadh an cogadh, tráth a ndéanfaí athbhreithniú air le súil agus toiliú ginearálta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a fháil. An 20<sup>ú</sup> Meán Fómhair, d'iarr ceannaire an Pháirtí Náisiúnaigh, Seán Mac Réamainn, an té a cheap go leor a bheadh ar an gcéad Phríomh-Aire i bParlaimint nua na hÉireann, ar Óglaigh na hÉireann liostáil. Bhí saighdiúirí Éireannacha i bhFórsa Sluaíochta na Breataine i mbun comhraic cheana i bhFlóndras. Bhí atmaisféar mothaitheach cruthaithe ag dul ar aghaidh na Gearmáine tríd an mBeilg, na luaidreáin faoi ghníomhartha uafáis agus dídeanaithe agus ó tharla gur beag nár tógadh Páras. Scoilt an eagraíocht, agus ghairm an dream a lean Mac Réamainn na hÓglaigh Náisiúnta orthu féin. Choinnigh thart ar 12,000 den 180,000 an teideal Óglaigh na hÉireann agus leag siad amach mar chuspóir dóibh féin neamhspleáchas iomlán a bhaint amach d'Éirinn, le forneart dá mba ghá. Caitheadh amhras arís ar bhaint amach an Rialtais Dúchais go síochánta mar gheall gur theip ar an Rialtas déileáil leis an gcarnadh arm i dTuaisceart Éireann agus mar gheall gur dhiúltaigh briogáid marcra sa Churrach go poiblí Acht an Rialtais Dúchais a chur i bhfeidhm dá n-iarrfaí sin orthu.

Liostáil thart ar 80,000 in Éirinn sa chéad 12 mhí den chogadh, ar tháinig os cionn a leath ó Chúige Uladh. Bhí an 10<sup>ú</sup> Rannán (Éireannach), a cruthaíodh i ndeireadh Lúnasa, 1914, sa Chéad Arm Nua de 100,000 saighdiúr, K1. Bhí trí bhriogáid ann. Bhí reisimintí le bunáiteanna i ngach ceann den cheithre chúige ag ceann díobh sin. Bhí an dara ceann lonnaithe i gCúige Uladh agus bhí an tríú ceann lonnaithe sna trí chúige eile. Bunaíodh an 16<sup>ú</sup> Rannán (Éireannach) den Dara Arm Nua i Meán Fómhair, 1914. B'as Cúige Uladh briogáid amháin. Údaraíodh an 36<sup>ú</sup> Rannán (Ulaidh) an 28<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 1914. Bhí sé bunaithe ar eagar agus ar chomhaltas Óglaigh Uladh, a raibh aonad airtléire a raibh a bhunáit i Londain curtha leis. Bhí fir ann ó gach ceann de naoi gcontae Uladh. Bhí Mac Réamainn ag iarraidh go mbeadh na reisimintí Éireannacha go léir eagraithe in aon aonad troda amháin.

Chuaigh Éireannaigh freisin le reisimintí Éireannacha ar nós Gardaí na hÉireann, an Londain (Éireannach), Cathláin Cois Tyne d'Fhíúsailéirí Northumberland agus an 1<sup>ú</sup>/8<sup>ú</sup> Reisimint Learphoill an Rí (Éireannach). Chuaigh go leor eile isteach i reisimintí Sasanacha, Albanacha agus Breatnacha, an Ríoga, Airtléire, an Cór Eitilte Ríoga, an Cór Liachta, Cór Seirbhíse an Airm agus an Cabhlach Ríoga. D'fhóin mná mar bhanaltraí sa Díorma Cabhrach Saorálach sa líne tosaigh. Liostáil eisimircigh in airm san Astráil, sa Nua-Shéalainn, i gCeanada agus san Afraic Theas agus sna Stáit Aontaithe. Ní raibh bealach ar bith go bhféadfadh na daoine a chuaigh chun troda an saol athraithe a bheadh ann ag deireadh an Chogaidh a shamhlú. Bhí na cúiseanna a liostáil daoine chomh héagsúil leis na daoine féin. Chuaigh daoine ann mar gheall ar riachtanas eacnamaíoch. Bhí tuilleadh ag súil go gcothófaí cairdeas a thrasnódh difríochtaí stairiúla trína bheith ag fónamh taobh le taobh in aghaidh an namhad céanna. Chreid Thomas Kettle, Iar-MP Náisiúnach do Thír Eoghain Thoir a d'fhóin in 8<sup>ú</sup> Fíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, agus a maraíodh tráth a raibh sé ina Leifteanant:

"Ag breathnú ar an tragóid seo san Eoraip leis an ngaois a thagann le deora agus fuil, is maith a d'fhéadfadh sí, go deimhin caithfidh sí, a bheith ina tús le dhá athmhuintearas atá ina aisling ag gach aon státaire, athmhuintearas Ulaidh Protastúnach le hÉirinn agus athmhuintearas na hÉireann leis an mBreatain Mhór."

## Eachtraí Tábhachtacha Éireannacha sa Chéad Chogadh Domhanda

Ó tharla go raibh an Chéad Chogadh Domhanda fágtha amach nach mór as an leagan de stair na hÉireann a múineadh don chéad chúpla glúin den stát nua neamhspleách Éireannach is beag ar eol dóibh a mhéid a bhí Éireannaigh páirteach sa troid féin. Rinneadh beag d'íobairt an phobail Náisiúnaigh trí dhírú isteach i dTuaisceart Éireann ar ar tharla don 36<sup>ú</sup> Rannán (Uladh) ag Cath an Somme.

Seo a leanas cuid de na heachtraí a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo d'Éirinn agus atá mar bhunús don phlé ar an mbaint atá ag an gCéad Chogadh Domhanda le polaitíocht an lae inniu.

## 1914 Na Chéad Chathanna

Chuaigh Fórsa Sluaíochta na Breataine (BEF) go dtí an Fhrainc i Lúnasa 1914 agus rinne siad a mbealach chun dul ar aghaidh na Gearmáine tríd an mBeilg agus Tuaisceart na Fraince a stopadh. Ba iad na reisimintí Éireannacha sa BEF ná:

### Coisithe:

- 1<sup>ú</sup> Gardaí na hÉireann
- 2<sup>ú</sup> Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Clath
- 2<sup>ú</sup> Fiúsailéirí Ríoga na Mumhan
- 1<sup>ú</sup> Fiúsailéirí Ríoga na hÉireann
- 2<sup>ú</sup> Fiúsailéirí Ríoga Inis Ceithleann
- 2<sup>ú</sup> Reisimint Ríoga na hÉireann
- 2<sup>ú</sup> Fiannóglaigh Chonnacht
- 2<sup>ú</sup> Raidhfíilí Ríoga na hÉireann
- 2<sup>ú</sup> Reisimint Laighean

### Marcra:

- 4<sup>ú</sup> Gardaí Dragúin Ríoga na hÉireann
- Capaill Éireann an Deiscirt
- 8<sup>ú</sup> Husáir Éireannacha Ríoga an Rí
- 5<sup>ú</sup> Lansaithe Ríoga na hÉireann
- Capaill Éireann an Tuaiscirt

Bhí go leor fear Éireannach ag fónamh i reisimintí na Breataine agus bhí roinnt Sasanach, Albanach agus Breatnach i reisimintí na hÉireann ar cuireadh ann mar gheall go mba Chaitlicigh iad.

Ba é an Ceannaire E. Thomas de 4<sup>ú</sup> Gardaí Dragúin Ríoga na hÉireann a chaith an chéad urchar de chuid Arm na Breataine sa Chogadh díreach ó thuaidh de Mons an 22<sup>ú</sup> Lúnasa. An lá dar gcionn, d'fhéach an Lt Maurice Dease as an Muileann gCearr, a bhí ag fónamh leis na Fiúsailéirí Ríoga le dul chun cinn na Gearmáine isteach sa chathair a stopadh lena aonad meaisínghunnaí. Bhásaigh sé sa troid agus bronnadh an chéad Cros Victoria iarbháis den Chogadh air.

Throid na buansaighdiúirí dea-oilte roinnt cathanna ach b'éigean dóibh cúlú ó ionsaí na Gearmáine. Bhí a gcéad tasmigh ag an 2<sup>ú</sup> Baile Átha Cliath in aice le Le Cateau agus chuir an 2<sup>ú</sup> Mumhain moill ar dhul chun cinn na Gearmáine ar feadh lae trí chomhrac costasach cúlgharda ag Etreaux.



Tugadh príosúnaigh choghaidh na hÉireann faoi dheireadh go dtí campa ag Limburg áit ar thug Sior Ruairí Mac Easmainn cuairt orthu ina chuid iarrachtaí “Briogáid Éireannach” a chur le chéile nach mbeadh mar chuid d’fhórsaí na Gearmáine. Ghlac níos lú ná 60 den 2000 príosúnach Éireannach sa champa lena thairiscint.

Cuireadh stop le dul chun cinn na Gearmáine ar Pháras i gCath Marne. Lean Airm na gComhghuaillithe na Gearmánaigh go dtí go raibh an dá thaobh suite i dtrinsí ar aghaidh a chéile a bhí ag síneadh faoi dheireadh ar feadh 350 míle ó Mhuir nIocht go dtí an Eilvéis. Bhí reisimintí na hÉireann scaipthe ar fud theascóg na Breataine agus chuir siad tús le tréimhsí malartacha laethanta sa líne tosaigh, laethanta sa chúltaca agus laethanta ar chúil ag ligean scíthe. Bhristí an gnáthamh sin leis na mórchathanna píosaí socraithe inar bhásaigh líon mór saighdiúirí Éireannacha.

Ghlac roinnt saighdiúirí Éireannacha páirt i Sos Cogaidh na Nollag sa bhliain 1914 nuair a cuireadh stop go tobann leis an marú ar feadh tréimhse ghearr.

## 1915

---

### GALLIPOLI

Leis an leamhsháinn a bhí ar an bhFronta Thiar lorgáiodh bealach eile chun an Ghearmáin a chloí. Chruthódh tógáil Constantinople, Istanbul sa lá atá inniu ann, nasc díreach leis an gcomhghuaillí Rúiseach agus d’fhéadfaí tabhairt faoi fheachtas rathúil ar an bhfronta thoir. Theip ar iarracht de chuid Chabhloch na Breataine seoladh suas an Dardanelles an 18 Márta agus cailleadh roinnt long. In ainneoin an fholáirimh roimh ré a thug sé sin do na Turcaigh, thug na Briotanaigh agus na Francaigh faoi ionradh talún an 25<sup>ú</sup> Aibreán.

Chuaigh siad i dtír ag sé shuíomh ach choinnigh cosaint na dTurcach gar do na tránna iad. Rinneadh iarracht eile an 6<sup>ú</sup> Lúnasa ag Bá Suvla ach tháinig sin ina stad chomh maith. Caitheadh an feachtas i dtraipéisí agus tarraingíodh an chuid deiridh de na trúpaí siar in Eanáir 1916. B'éigean do Churchill, a mhol an feachtas, éirí as an gComh-Aireacht. Chaill sé a shuíochán ina dhiaidh sin i dTeach na dTeachtaí agus bhí air fanacht go dtí gur thosaigh an Dara Cogadh Domhanda le go mbeadh cumhacht arís aige.

Bhí na 1ú Cathláin d’Fhíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, na Mumhan agus Inis Ceithleann páirteach sa teacht i dtír an 25<sup>ú</sup> Aibreán ag Rinn Helles, arbh áit cosanta iontach a bhí ann le Fosláir Gunna curtha ar fhánaí géara. Níor éirigh leis an tuairgneáil chabhlaigh cosaintí na dTurcach a chur ó mhaidh. Bhí Fíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath agus Fíúsailéirí Ríoga na Mumhan ar an gcéad dream le teacht i dtír ón *S.S. River Clyde* agus den chéad 200 fear a d’fhág an long, maraíodh 149 agus goineadh 30 láithreach. Bhí 25 oifigeach agus 987 ó chéimeanna eile i mBaile Átha Claith, níor bhain ach oifigeach amháin agus 374 ó chéimeanna eile an cósta amach. Bhí 637 taismeach ann sa chéad 36 uair an chloig. Shocraigh na Comhghuaillithe ionsaí eile ar fad a dhéanamh in aghaidh na dTurcach agus roghnaigh siad Bá Suvla, 25 míle ó thuaidh de Rinn Helles. Ba é an chéad aonad saorálach Éireannach a chuaigh chun catha ná an 10ú Rannán (Éireannach) ina raibh cathláin seirbhíse nua na reisimintí Éireannacha. Mar thoradh ar neamhéifeacht riaracháin, cuireadh airtléire an Rannáin chuig an bhFrainc rud a d’fhág na fir ag an láthair gan léarscáileanna ná orduithe. Níor throid an Rannán mar aonad. Bhí ganntan mór uisce ann agus ídíodh an lón cogaidh ar na saighdiúirí agus ní raibh fágtha le déanamh acu ach clocha a chaitheamh leis an namhaid. Maraíodh 3,411 ar a laghad a bhí ag fónamh le cathláin Éireannacha, nó chuaigh siad ar iarraidh. Bhí 569 díobh sin ó 1ú Fíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath.

### ST JULIAN, Flóndras, Bealtaine, 1915

Gar do St. Julien, i rith an dara cath ag Ypres, beagnach ndearnadh díothú iomlán ar 2ú Fíúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath díreach mí amháin tar éis Teacht i dtír Helles. An 24ú

Bealtaine, 1915, thart ar 2.45am, chuir na Gearmánaigh tús le hionsaí gás nimhe. Bhí 666 fear sa Chathlán. Faoi 9.30 pm, ní raibh ach oifigeach amháin agus 20 de chéimeanna eile fágtha.

## **SALONIKA, Deireadh Fómhair, 1915**

An 29 Meán Fómhair, 1915, sheol an 10ú Rannán (Éireannach), a raibh 2,454 duine ann, ó Gallipoli ag tabhairt a n-aghaidh ar Salonika chun troid ar fhronta na Bulgáire. An 3<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair, bhí Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath agus na Mumhan ag an líne tosaigh agus ordaíodh dóibh an sráidbhaile Jenikoj, atá sa Mhacadóin sa lá atá inniu ann, a thógáil. San ionsaí sin, chaill siad 385 fear, idir dhaoine a maraíodh, a goineadh nó a chuaigh ar iarraidh. Tá cros Cheilteach eibhir ansin anois chun comóradh a dhéanamh ar an 10<sup>ú</sup> Rannán (Éireannach). Tá crosa den chineál céanna ag Wytscæete i bhFlóndras agus i Guillemont sa Fhrainc.

## **1916**

---

## **HULLUCH, Aibreán, 1916**

Tháinig an 16ú Rannán (Éireannach) chun na Fraince i Mí na Nollag 1915 agus sannadh chuig teascóg Loos iad. Bhí na saighdiúirí i gcogaíocht trinse agus maraíodh cuid acu le linn na tréimhse 9 lá a chaith siad ag an líne tosaigh. Bhí siad sna trinsí ag Hulluch nuair a rinne na Gearmánaigh ionsaí gáis an 27ú Aibreán, 1916. Den 1980 taismeach, maraíodh 570 agus bhásaigh go leor de na daoine a goineadh níos deireanaí ó ghalair riospráide. Bhí fógraí curtha suas ag an Gearmánaigh trasna ó thrinsí na nÉireannach ag tabhairt scéala dóibh faoi Éirí Amach na Cásca a bheith tosaithe i mBaile Átha Cliath. D'fhan an Rannán ag Loos go dtí an Lúnasa nuair a d'aistrigh sé go dtí ceantar an Somme. Bhí 6,000 taismeach sa Rannán (maraíodh 1,496).

## **AN T-ÉIRÍ AMACH I MBAILE ÁTHA CLIATH, Aibreán, 1916**

De réir mar a bhí líon na dtaismeach ag méadú agus gan mórán dóchais de bhua luath, lean Óglaigh na hÉireann orthu ag traenáil agus ag ullmhú chun seasamh in aghaidh aon iarrachta ar iad a dhí-armáil. B'oscailt súl ar fhíoriarmhairtí an chogaidh a bhí sna liostaí fada de dhaoine a bhí maraithe nó gonta chomh maith leis an méadú ar an dóchúlacht go dtabharfaí coinscriobh isteach.

Nuair a thosaigh an tÉirí Amach an 24<sup>ú</sup> Aibreán, bhí thart ar 5,000 saighdiúir imlonnaithe i limistéar Bhaile Átha Cliath. Seoladh 1000 breise láithreach ó Bhéal Feirste agus cuireadh na mílte eile anall ó Shasana. Ghlac 4<sup>ú</sup>, 5<sup>ú</sup> agus 10<sup>ú</sup> Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath páirt sa troid faoi mar a rinne roinnt oifigeach agus saighdiúirí a bhí ar saoire i mBaile Átha Cliath ag an am.

Glactar leis go coitianta gur throid Óglaigh na hÉireann go calma agus go fiúntach. Dúirt an Príomh-Aire Asquith i dTeach na dTeachtaí gur throid siad go calma agus nach ndeachaigh siad i muinín an fheillbhirt. Leis an méid daoine a cuireadh chun báis ina dhiaidh baineadh an tacaíocht Náisiúnach ón bPáirtí Parlaiminteach ach tugadh do Shinn Féin í.

## **AN SOMME, Iúil –Samhain, 1916**

In iarracht an tsáinn a bhain leis an gcogaíocht trinse a bhriseadh agus chun an brú a bhaint de Verdun, chuir na Briotanaigh agus na Francaigh tús le mór-ionsaí an 1 Iúil. Bhí suímh na nGearmánach trasna ón 14 míle de theascóg na Breataine á dtuairgneáil le 1.7

milliún sliogán ón 24 Meitheamh. Ní rabhtas ag súil le haon fhrithghníomh nuair a d'fhág 100,000 saighdiúir a dtrinsí agus nuair a chuaigh siad isteach i latrach an áir ag 7.30 am. Faoi sholas an lae, chuaigh siad chun cinn ag siúl go réidh i línte díreacha le 100 slat idir gach tonn lingthe. Scaoileadh roiseadh gunnalámhaigh leo agus bhí 60,000 taismeach ann an lá sin, agus maraíodh beagnach 20,000 díobh.

Sannadh sprioc ar an 36ú Rannán (Ulaidh) ina raibh buncar ollmhór coincréite a raibh trúpaí Gearmánacha ar dídean ann, Dúinchla Schwaben. Bhí an Rannán sin ar cheann de bheagán ar éirigh leo a sprioc a bhaint amach, ach ní raibh na saighdiúirí in ann an sprioc sin a choinneáil ó tharla nár éirigh leis na rannáin eile. Bhí 5,500 duine de chaillteanas orthu agus maraíodh beagnach 2,000 díobh sin. Ghoill sé ar beagnach gach pobal i gCúige Uladh. Bronnadh ceithre Chros Victoria ar an Rannán.

Bhí cathláin Éireannacha eile a bhí ag fónamh i rannáin eile páirteach san ionsaí an 1ú Iúil. Chuaigh 1ú Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, athlaochra Gallipoli, i mbun gnímh i dteascóg a bhí in aice leis an 36ú. Bhain 147 taismeach díobh (maraíodh 22) agus chuaigh 64 ar iarraidh. Bhí 2ú Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath sa dara tonn den ionsaí, ag dul chun cogaidh le 23 oifigeach agus 480 de chéimeanna eile: rinneadh taismeach de 14 oifigeach agus 311 de chéimeanna eile. Throid 1ú Raidhfilí Ríoga na hÉireann agus an 1<sup>ú</sup>, 2<sup>ú</sup>, 3<sup>ú</sup> agus 4<sup>ú</sup> Cathláin Éireannacha Cois Tyne d'Fhiúsailéirí Northumberland an lá sin. Mhair Cath an Somme ar feadh an tSamhraidh agus is beag dul chun cinn a rinneadh. Thóg an 16ú Rannán (Éireannach) Guillemont an 2ú Meán Fómhair agus Ginchy an 9ú Meán Fómhair. Maraíodh an Lt Tom Kettle agus bhuaigh an Lt John Holland de na Laigheanaigh Cros Victoria. Tharla 4,314 taismeach sa Rannán (maraíodh 1167). Tháinig deireadh leis an gCath i mí na Samhna nuair a chabhraigh 10ú Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath, a bhí ar ceangal leis an 63<sup>ú</sup> Rannán Cabhlaigh, le Beaumont Hamel a thógáil, ceann de na spriocanna don chéad lá. Bhí 50% ina dtaismigh

## 1917

---

### IOMAIRE MESSINES, Meitheamh, 1917

Chuaigh an 16ú Rannán (Éireannach) agus an 36ú Rannán (Ulaidh) chun cogaidh le chéile chun an sráidbhaile Beilgech Wytschaete a thógáil in ionsaí dea-phleanáilte ar Iomaire Messines. Fuair an Ginearál Plumer samhail de réir scála den iomaire déanta ionas go mbeadh a raibh rompu le feiceáil ag na trúpaí. Chuir sé mianaigh á dtochtait le haghaidh pléascán faoi chosaint na Gearmáine. Thuairgneáil thart ar 3 mhilliún sliogán Messines ar feadh os cionn seachtaine. Mhaolaigh an baráiste nuair a mhaidhmigh Plumer 9,500 tonna pléascáin faoi na Gearmánagih i 19 mianach. Bhásaigh Liam Mac Réamainn, M.P., deartháir le Seán, ceannaire an Pháirtí Éireannaigh, de bharr na gcréachtaí a fuair sé san ionsaí sin.

### PASSCHENDAELE, AN TRÍÚ CATH IN YPRES, Iúil, 1917

Aistríodh an 16ú Rannán (Éireannach) agus an 36ú Rannán (Ulaidh) go dtí 5ú Arm an Ghinearáil Gough i mí Iúil 1917. An 31 Iúil, ghlac an 36<sup>ú</sup> Rannán (Ulaidh) páirt san ionsaí tosaigh ar shuímh dhaingne Gearmánacha soir ó Ypres. Is ar éigean Dé má d'fhéadfaí ionsaí ar bith a dhéanamh mar gheall ar an mbáisteach throm, a mhair ar feadh míosa. Mar sin féin, ghluais an dá rannán Éireannacha chun cinn ag Langemarck an 16ú Lúnasa. Cailleadh 65% de na haonaid tosaigh roimh an ionsaí mar gheall ar thuairgneáil throm ó na Gearmánaigh. Bhí 3,585 taismeach sa 36ú (Ulaidh) agus 4,231 taismeach sa 16ú (Éireannach). Maraíodh an tAthair Willie Doyle, MC, séiplíneach don 8ú Baile Átha Cliath. Bhí an 16ú Rannán (Éireannach) i gcomhrac in aice le Arras agus an 36ú Rannán (Ulaidh) in aice le Cambrai i mí na Samhna. Chuaigh an 10<sup>ú</sup> Rannán (Éireannach) chun na hÉigipte i Meán Fómhair.

1918

---

## AN SOMME 1918 – NA 100 LÁ DEIRIDH

Thosaigh ionsaí na Gearmáine a raibh súil le fada leis an 21<sup>ú</sup> Márta agus d'éirigh leis línte na Breataine a chur siar beagnach chomh fada le Amiens. Bhí an 16<sup>ú</sup> agus 36<sup>ú</sup> Rannán faoi lán-bhuille an ionsaí sin agus scriosadh iad mar aonaid troda. Bhí 6,435 taismeach sa 16<sup>ú</sup> agus 6,109 taismeach sa 36<sup>ú</sup>. Maraíodh an trian.

Cuireadh cathláin an 10<sup>ú</sup> Rannán agus an 16<sup>ú</sup> Rannán le chéile agus scaipeadh chuig rannáin eile ar an bhFronta Thiar iad. Mar shampla, chuaigh an 1<sup>ú</sup> Baile Átha Cliath go dtí an 19<sup>ú</sup> Rannán agus cuireadh an 2<sup>ú</sup> agus an 7<sup>ú</sup> leis an 31<sup>ú</sup> Rannán. Is san ainm amháin a d'fhan Ulaidh ar an 36<sup>ú</sup> Rannán mar gur daoine a coinscríobhadh as Sasana na daoine nua a cuireadh ann. Bhí na cathláin Éireannacha páirteach sa dul chun cinn a ruaig na Gearmánaigh siar thar an bhfearann go léir a bhí gnóthaithe acu sna ceithre bliana den chogadh. Bhí an 2<sup>ú</sup> Baile Átha Claithe i gcath in aice le Le Cateau an 16<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair, agus rinneadh tasmigh de 44% in imeacht dhá lá. Ba é seo an áit a ndeachaigh siad chun comhraic den chéad uair i Lúnasa 1914. Chríochnaigh an Chéad Chogadh Domhanda laistigh de mhí.

## TAR ÉIS AN CHOGAIDH

---

Nuair a d'fhill na saighdiúirí ar Éirinn, bhí an saol polaitiúil athraithe. Sa toghchán i mí na Nollag 1918 tacaíodh go láidir le Sinn Féin, seachas sna limistéir thraidisiúnta Aontachtacha. Cuireadh na hÍobairtí a rinneadh sa chogadh de leataobh i gcúigí an deiscirt agus bhí an cailleanas a tharla ag an Somme mar chuid den oidhreacht sa limistéar nua Tuaisceart Éireann.

Chuaigh roinnt daoine a bhí ina saighdiúirí leis an IRA, ar dhuine díobh sin bhí Eiméid Daltún a bhí ag fónamh le Tom Kettle. Dúirt sé nach raibh deacracht ar bith aige troid d'Éirinn leis an mBreatain agus nach raibh aon deacracht aige ach oiread troid d'Éirinn in aghaidh na Breataine. Chuaigh iarshaighdiúirí eile le harm nua na hÉireann.

An 12<sup>ú</sup> Meitheamh, 1922, díscaoileadh na reisimintí a bhí earcaithe in Éirinn a bhí anois neamhspleách. Ba iad sin:

Reisimint Ríoga na hÉireann  
Fiannólaigh Chonnacht  
Reisimint Laighean Phrionsa na Breataine Bige  
Fiúsailéirí Ríoga na Mumhan  
Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath

Ghlac an Rí na Bratacha agus cuireadh i dtaisce i gCaisleán Windsor iad, áit a bhfuil siad fós.

## STAITISTICÍ

Nílear ar aon intinn faoin líon iomlán saighdiúirí Éireannacha a d'fhóin in Arm agus i gCabhlach na Breataine sa Chéad Chogadh Domhanda. Deir an tOllamh Keith Jeffery gur 210,000 é. Is cosúil go n-aontaítear gur maraíodh 35,000 ar a laghad, cé gur 49,400 an figiúr atá tugtha sa Chuimhneachán Náisiúnta Cogaidh.

Liostáil thar ar 140,000 in Éirinn i rith an chogaidh. Is cuid suntais an méadú a tharlaigh i 1918.

Tréimhse	Earcaigh
Lún 1914 –Feabh 1915	50,107
Feabh 1915- Lún 1915	25,235
Lún 1915 –Feabh 1916	19,801
Feabh 1916- Lún 1916	9,323
Lún 1916 –Feabh 1917	8,178
Feabh 1917- Lún 1917	5,607
Lún 1917 –Feabh 1918	6,550
Feabh 1918- Lún 1918	5,812
Lún 1918 –Samh 1918 [3 Mhí]	9,843

Bhí an líon earcach Éireannach sa chéad bhliain níos mó ná an líon iomlán don chuid eile de thrí bhliana an Chogaidh. De réir mar a chuaigh an Cogaidh chun cinn, ba daoine a coinscríobhadh sa Ríocht Aontaithe a cuireadh in áit chaillteanais na hÉireann. Mar shampla, ba 23% a bhí sa chéatadán de shaighdiúirí nárbh Éireannaigh iad a bhí i 1ú Raidhfíli Ríoga na hÉireann, a bhí lonnaithe in Aontraim agus an Dún, sa bhliain 1916. Bliain ina dhiaidh sin ba 52% a bhí ann.

Mar a luadh níos túsce, d'fhóin saighdiúirí Éireannacha i bhfórsaí eile.

## Limistéir earcaíochta do na Reisimintí Éireannacha Coisithe agus Marcra 1914

Ainm na Reisiminte:	Limistéar Earcaíochta:	Iosta:
Reisimint Ríoga na hÉireann (18ú Coisithe)	Tiobraid Árann, Loch Garman, Port Láirge, Cill Chainnigh	Cluain Meala
Fiúsailéirí Ríoga na Mumhan	Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, An Clár	Trá Lí
Fiannóglaiigh Chonnacht	Gaillimh, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Liatroim	An Rinn Mhór
Fiúsailéirí Inis Ceithleann	An Ómaigh, Fear Manach, Dún na nGall, Doire	
Raidhfíli Ríoga na hÉireann	Béal Feirste, An Dún, Aontroim, Tír Eoghain	Béal Feirste
Fiúsailéirí Ríoga na hÉireann	Muineachán, Ard Mhacha, An Cabhán	Ard Mhacha
Reisimint Laighean	Uíbh Failí, An Mhí, Lú, Laois	Biorra
Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath, Cill Dara, Cill Mhantáin, Ceatharlach	Nás
Gardaí na hÉireann	Ar fud na hÉireann	Beairic Chelsea London
24ú, 25ú, 26ú, 27ú Cathlán Éireannach Cois Tyne	Newcastle	Campa Alnwick

d'Fhiúsailéirí Northumberland		
Raidhfili Éireannacha Londan	Londain, Chelsea	Beairic Dhiúc York
Reisimint Learphoill an Rí	Learpholl	Beairic Seaforth
Éireannach in ainm den chuid is mó The 4ú Gardaí Dragúin (Ríoga na hÉireann) 5ú Lansaithe (Ríoga na hÉireann) 6ú Dragúin (Inis Ceithleann) 8ú Husáir (Éireannach Ríoga an Rí)		
Capaill Éireann an Deiscirt	Deisceart na hÉireann	Cluain Meala
Capaill Éireann an Tuaiscirt	Béal Feirste, An Dún, Aontroim, Tír Eoghain, An Cabhán, Doire, Dún na nGall, Ard Mhacha, Muineachán	Béal Feirste